



An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2020/0000(INI)

5.5.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuid an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an nganntanas cógas - conas dul i ngleic le fadhb atá ag teacht chun cinn
(2020/0000(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Joëlle Mélin

(*): Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí gur chuir an phaindéim go mór leis an bhfadhb atá ag dul i méid maidir le ganntanais cógais ar fud AE; de bhrí gur tugadh míshocracht an tslabhra soláthair dhomhanda chun suntais le spleáchas an Aontais ar thriú tíortha do chógais agus do chomhábhair ghníomhacha cógaisíochta;
1. á áitiú go seolfaidh an Coimisiún go práinneach comhairliúchán il-gheallsealbhóirí chun príomh-shaincheistean na tslabhra soláthair atá ina gcúis go díreach leis na ganntanais cógas nó a mhéadaíonn riosca na nganntanas cógas a shainiú; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhachtaí uailmhianacha agus nithiúla a mholadh chun dul i ngleic leis na saincheistean sin sa straitéis cógaisíochta atá beartaithe aige;
 2. á iarraidh go mbreithneodh an Coimisiún ar cheanglais do thionscal na cógaisíochta a mholadh chun a áirithiú go bhfuil a shlabhra soláthair éagsúlaithe agus plean maolaithe riosca do ghanntanas cógas a chur i bhfeidhm chun aon leochaileachtaí sa slabhra soláthair agus rioscaí don slabhra soláthair a bhainistiú;
 3. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá ag AE a róspleáchas ar líon beag tríú tíortha do mhonaraíocht cógas agus mar fhoinsí comhábhar gníomhach cógaisíochta a laghdú;
 4. ag spreagadh an Choimisiúin chun bearta, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, a mholadh chun monaraíocht ghlas, laistigh de AE, ar cheimiceáin thábhachtacha, ó thaobh na straitéise de, a úsáidtear i dtáirgeadh cógas a chur chun cinn; ag tathant ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun cuimsiú níos mó fhiontair bheaga agus mheánmhéide AE sa slabhra soláthair cógas a dhreasú i bhfianaise a ról lárnaigh i dtaighde agus i nuálaíocht agus ina gcumas a bpríomhchúraim táirgeachta a oiriúnú, d'fhonn dul i ngleic le suaithí gan choinne ar bhealach níos fearr;
 5. á thabhairt chun suntais go bhfuil Fís Eorpach tar éis líon suntasach gníomhachtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis an tsláinte a mhaoiniú cheana féin; á iarraidh go ndéanfaí níos mó cistithe a sholáthar trí Fhís Eorpach chun éiceachórais taighde atá dírithe ar chógais a chruthú agus a thacú.